

Múnla nua á lorg ag Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Fís agus misean na Taibhdheirce

Is iomaí forbairt a tharla sa Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, ó bunaíodh í sa bhliain 1928 agus tá sí fós ag tógáil ar a bunchloch dhaingean agus ar aidhm a bhunaitheoirí. Rinneadh athchóiriú ar an amharclann le déanaí agus is ionad iontach í do dhrámaíocht, ceol, scannáin, cruinnithe, seimineáir, ceardlanna agus seoltaí. Tá 148 suíochán san amharclann, áiseanna iontacha soilsithe agus fuaime agus ceadúnas beáir agus fíona.

Sí **fís** Amharclann Náisiúnta na Gaeilge ná an Taibhdhearc a bheith mar phríomhardán do dhrámaíocht na Gaeilge.

Is é an **misean** atá ag an Taibhdhearc ná ardán a thabhairt do dhrámaíocht na Gaeilge, tacú le dul chun cinn na drámaíochta go náisiúnta, agus glúin nua de dhrámadóirí Gaeilge a fhorbairt.

Buaicphointí i bhféilire na hamharclainne is ea na drámaí nuálacha a léirítear mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe agus Geamaireacht na Nollag. Sí an Ghaeilge teanga na hamharclainne.

Múnla nua

Tá Bord na Taibhdheirce den tuairim gur ionad den scoth atá sa Taibhdhearc agus go bhfuil deis ann tógáil ar an méid atá bainte amach le blianta beaga anuas agus féidearthachtaí nua a thriail.

Tá múnla nua á lorg d'Amharclann Náisiúnta na Gaeilge leis an amharclann a fhorbairt agus le dul i ngleic le plean oibre uailmhianach do na blianta amach romhainn. Tá compántas drámaíochta/ léiritheoir/ stiúrthóir/ drámadóir aonair Gaeilge á lorg a thógadh an amharclann ar lámh, a bheadh i gceannas ar chlár ealaíona a leagan amach, agus a ndéanadh bainistiú na hamharclainne ar feadh tréimhse trí bliana. Ina theannta seo, bheadh fáil ag an gcompántas drámaíochta/ léiritheoir/ stiúrthóir/ drámadóir aonair Gaeilge ar thromlach don mhaoiniú bliantúil.

Iarratas léiriú suime

Fáiltíonn Bord na Taibhdheirce roimh iarratais léirithe suime ó chompántais drámaíochta/ léiritheoirí/ stiúrthóirí/ drámadóirí aonair Gaeilge an amharclann a thógáil ar lámh, a bheith i gceannas ar chlár ealaíona a leagan amach agus an amharclann a bhainistiú.

Déanfaidh Bord Measúnaithe gearrliosta óna hiarratais a chuirfear faoina mbráid faoin spriocdháta 4 Nollaig 2020. Tabharfar cuireadh do na compántais drámaíochta/ léiritheoirí/ stiúrthóirí/ drámadóirí aonair Gaeilge ar an ngearrliosta iarratas le plean oibre cuimsitheach a dhéanamh ina dhiaidh sin. Déanfaidh Bord Measúnaithe na hiarratais seo a mheas chun iarrthóir rathúil a roghnú.

Múnla nua á lorg ag Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Leagan amach an t-iarratas léiriú suime

Iarrtar ar chompántais drámaíochta/ léiritheoirí/ stiúrthóirí/ drámadóirí aonair Gaeilge iarratais léirithe suime (5 leathanach A4 ar a mhéid) a chur faoi bhráid an Bhoird Measúnaithe, a sonraíonn:

- An cur chuige atá beartaithe acu le fíis agus misean amharclann náisiúnta na Gaeilge a bhaint amach;
- Plean caiteachais ginearálta ag dul leis an gcur chuige seo;
- Portfóilió oibre le blianta beaga anuas;
- Scileanna, cáilíochtaí agus taithí iomchuí na daoine a bheidh freagrach as an gclár oibre;

Critéir Mheastóireachta

Déanfaidh an Bord Measúnaithe gearrliosta bunaithe ar na critéir mheastóireachta seo a leanas:

- Cumas an compántas drámaíochta/ léiritheoir/ stiúrthóir/ drámadóir aonair Gaeilge an clár ealaíona a bhaint amach (25%);
- Caighdeán agus nuálaíocht léiriúcháin/ tionscnaimh le blianta beaga anuas (25%);
- Scileanna, cáilíochtaí agus taithí iomchuí iad siúd atá le tabhairt faoin obair (25%);
- Caighdeán an plean caiteachais agus an cumas a léirítear chun an maoiniú a chaitheamh go héifeachtúil (25%).

Clár ama agus coinníollacha

Is gá iarratas léiriú suime a chur faoi bhráid Rúnaí Bhord na Taibhdheirce, an Dr Siobhán Nic Fhlannchadha, roimh **17.30 ar an Aoine 4 Nollaig 2020**.

Glacfar le hiarratais léirithe suime trí ríomhphost amháin agus ba chóir go gcuirfear an t-eolas uilig a theastaíonn i bhfoirm PDF le lipéad soiléir air. Is oth leis an mBord nach nglacfar le hiarratais atá déanach nó neamhiomlán. Ní ghlacfar le hiarratais léiriú suime tríd an bpost. Ní bheidh Bord na Taibhdheirce freagrach as aon chostais a éiríonn as an iarratas léiriú suime a réiteach. Caithfear aon choinbhleacht leasa a fhógairt. Beidh sé de cheart ag Bord na Taibhdheirce gan glacadh le haon cheann de na hiarratais léiriú suime. Déanfaidh Bord na Taibhdheirce an próiseas seo a bhainistiú faoi réir pholasaithe na Taibhdheirce.

Teagmháil

Rúnaí Bhord na Taibhdheirce: eolas@antaibhdhearc.com